BHUEL!

Nollaig 2018

Eagarthóir: Nuala de Búrca

Clár:

1 Céim ar Chéim

9 60 Soicind

11 Comórtas

11 Blúiríní

Ionad na Gaeilge Labhartha

Céim ar Chéim

Chuir an t-eagarthóir cúpla ceist ar Nada Ní Chuirrín, buaiteoir an chomórtais rince ar an Sean-Nós ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne i mbliana.

Cad as duit go díreach? Is as Caislín, baile beag nach bhfuil rófhada ó Leitir Fraic i gConamara mé.

Déan cur síos ar an gceantar san.

Ceantar beag bídeach atá ann. Tá sé díreach in aice na farraige. Tá mo theachsa suite ar shliabh is tá an trá díreach os a chomhair. Tógann sé fiche neomat sa charr chun dul ag an siopa chun bainne a fháil. Níl mórán ann; pub, séipéal is

An Ríordánach is an Cuirríneach

siopaí. Is gnáthcheantar Gaeltachta é.

An mbraitheann tú do cheantar dúchas uait is tú anso i gCorcaigh?

Ar bhealach, braithim na radharcanna is na daoine a bhíonn sa mbaile uaim ach i ndáiríre, tá níos mó le déanamh i gCorcaigh. Níl mórán le déanamh sa mbaile.

Cén cúrsa atá ar siúl agat in UCC?

Táim ag déanamh ceoil is Gaeilge.

An dtaitníonn an cúrsa leat? Cén fáth?

Taitníonn sé go mór liom. Tá sé suimiúil mar bíonn go leor rudaí éagsúla ar siúl againn sa cheol, ní bhíonn aon léacht mar an gcéanna. Maidir leis an nGaeilge, is aoibhinn liom an litríocht, an Stair agus a leithéid.

An bhfuil tú i do bhall den Chuallacht nó de Chumann an Cheoil Thraidisiúnta?

Táim mar bhall de Chumann an Cheoil Thraidisiúnta ach táim mar Reachtaire ar an gCuallacht faoi láthair.

Cad a bhíonn i gceist leis sin?

Bíonn go leor imeachtaí éagsúla á n-eagrú againn agus an-chuid craic' agus spraoi. Scaití, bíonn strus orm ach bainim taitneamh as.

Conas atá saol na Gaeilge sa Choláiste?

Go maith, dar liomsa. Bímse ag labhairt na Gaeilge chuile lá le mic léinn éagsúla. Labhraím níos mó Gaeilge anseo ná Béarla. Cheap mé go mbeadh deacrachtaí agam mar dar ndóigh, bíonn Gaeilge á labhairt agam sa mbaile ach tá an Ghaeilge an-bheo in UCC, caithfidh mé a rá.

An bhfuil sé deacair na mic léinn a spreagadh i dtreo na Gaeilge?

Ní dóigh liom é. B'fhéidir cuid acu ach nuair a bhíonn daoine bainteach leis an gCuallacht, go háirithe, bíonn suim acu inti. Ní dóigh liom go bhfuil sé ródheacair.

An bhfuil tú i do bhall d'aon chumann nó club eile?

Táim bainteach leis an gCumann Drámaíochta ach bím chomh gafa leis an gCuallacht nach mbíonn mórán ama agam do chlubanna eile chun a bheith fírinneach.

Cad é an chuimhne is fearr atá agat ón tréimhse atá caite agat in UCC go dtí seo?

Ar an gcéad lá dom sa chéad bhliain, rith mé mar ionadaí ranga. D'éirigh liom agus tá mé bainteach leis an gCuallacht ó shin agus tá an méid sin cairde déanta agam sa Chuallacht. Is é an chuimhne is fearr atá agam go dtí seo ná a bheith bainteach leis an gCuallacht i ndáiríre.

Ar tógadh le ceol thú?

Tógadh. Thosaigh mé ag casadh na feadóige stáin nuair a bhí mé thart ar 3 bliana, bhíodh mo mháthair ag casadh ceoil sa mbaile i gcónaí agus ansin bhog mé ar aghaidh go dtí an veidhlín ach bhí mé uafásach agus stop mé agus bhog mé ar aghaidh go dtí an consairtín agus tá sé sin á chasadh agam ó shin.

Bhíodh ceol le cloisteáil sa tigh, mar sin.

Bhíodh cinnte, bhíodh mo Mham ag casadh ceoil agus ag casadh amhrán.

Cathain a léirigh tú suim sa chonsairtín?

Chonaic mé daoine á sheinnt ar scoil nuair a bhí mé 5 bliana ach ní raibh cead againn tosú ar an gceol ar scoil go dtí go rabhamar 7 mbliana. Bhínn ag casadh ceoil cheana féin, bhí mé ag iarraidh an consairtín a chasadh, mar sin, nuair a bhí mé 7 mbliana bhíodh chuile duine ag foghlaim na feadóige stáin ach bhí sé foghlamtha agam cheana féin agus thosaigh mé ar an gconsairtín ansin.

An raibh tionchar ag aon mhúinteoir ceoil nó ceoltóir ort?

Bhí, cinnte. Bhí bean ina cónaí trí nó ceithre theach síos ó mo theachsa i gConamara agus bhí sí dochreidte ó thaobh ceoil de ar an veidhlín is ar an bpianó. Thosaigh mé ag dul ag rangannaí léi nuair a bhí mé thart ar 5 bliana. Anois, bímid ag déanamh gigeannaí le chéile. Shóna Ní Fhlatharta an t-ainm atá uirthi.

An poirt as do cheantar dúchais féin ar fad iad do chuid port?

Ní ar fad, bím ag taisteal leis an gceol, mar sin, piocaim suas ceol ó áiteachaí eile, chomh maith, ach bíonn an-chuid port as Gaillimh agam.

Cén stíl cheoil a thaitníonn leat don chuid is mó?

Is breá liom roinnt ceoil ó gach stíl.

An dtógann sé mórán ama ort port a fhoghlaim?

Ní thógann níos mó ach braitheann sé ar an bpíosa ach nuair a bhí mé níos óige, cinnte ach táim théis dul i dtaithí air, foghlaimím ón gcluais, théis na mblianta éiríonn sé sin i bhfad níos éasca. D'fhéadfainn suí isteach ag seisiún agus muna mbeadh píosa ceoil ar eolas agam, chaithfinn éisteacht leis uair amháin agus bheadh sé agam.

An ndeineann tú mórán cleachta?

Ba cheart go ndéanfainn, ní dhéanaim níos mó. Aríst, nuair a bhí mé níos óige, rinne mé go leor ach is mé ag éirí níos sine agus suimeanna eile i mo shaol, ní dhéanaim go leor.

Cad é an chomhairle a bheadh agat do dhuine a bheadh ag iarraidh a bheith ina c(h)eoltóir maith?

A bheith ag cleachtadh, ag éisteacht le ceoltóirí eile, dul chuig seisiúin agus a bheith ag éisteacht le dlúthdhioscaí. Bíonn ceol i gcónaí ar siúl agam sa mbaile agus bím ag éisteacht le ceoltóirí éagsúla agus má tá an deis ag an duine dul ag rangannaí.

Cén ceoltóir consairtín is fearr leat i láthair na huaire?

Caitlín Nic Gabhann ar an gconsairtín. Is aoibhinn liom í. Bhí sí mar mhúinteoir agam ar feadh tamaill nuair a bhí sí ina cónaí ar an Spidéal.

Cad a déarfá le cúrsaí ceoil cois Laoi?

Tá an-chuid ann. Tá sé go hálainn. Bíonn seisiún ar siúl i gcónaí. Táim tar éis a bheith ag casadh in an-chuid áiteachaí éagsúla. Tá ceol iontach i gCorcaigh, amhránaíocht is chuile rud.

Cad é an fhéile cheoil is fearr sa tír seo, dar leatsa?

Is aoibhinn liom féile Willie Clancy, tá sé an-mhaith agus Fleadh Cheoil na hÉireann, dar ndóigh agus an tOireachtas, is aoibhinn liom an tOireachtas, is meascán de chuile rud é sin.

Cén t-aos ab ea thú nuair a thosnaigh tú ag rince?

Thosaigh mé amach le damhsa gaelach nó damhsa steip nuair a bhí mé thart ar 4 bliana d'aois ach ní raibh mé go maith á dhéanamh. Thug Mam mé chuig damhsa ar an Sean-Nós nuair a bhí mé seacht mbliana. Bhí mo mháthair ag dul chuig rangannaí agus bhí mé ag iarraidh foghlaim, chomh maith.

An raibh tionchar ag aon mhúinteoir rince ort?

Cinnte, muintir Uí Dhubháin, Gearóid, Pádraic agus

Séamuisín Ó Dubháin agus Róisín Ní Mhainnín, chomh maith.

An mbíteá ag freastal ar ranganna rince?

Bhínn ar feadh cúpla bliain agus stop mé nuair a bhí mé 5 bliana déag agus thosaigh mé ag múineadh páistí óga nuair a bhí mé 3 nó 4 bliana déag. Ansin, nuair a bhí mé thart ar 6 bliana déag, thosaigh mé ag múineadh daoine fásta, chomh maith.

Conas a thosnaigh tú ag rince ar an sean-nós?

Bhí mé ag déanamh damhsa gaelach ach bhí sé ródhíreach dom agus ní raibh mé in ann coinneáil leis is thosaigh mo mháthair ag dul chuig rangannaí agus chonaic mé í ag cleachtadh agus bhí rangannaí ar siúl sa mbunscoil, chomh maith, ach bhí mé ró-óg aríst. Thug mo mháthair faoi deara go raibh suim agam agus lig sí dom dul ag na rangannaí ansin.

An bhfuil mórán steipeannaí agat?

Tá agus is é an rud is deise faoin damhsa ar an Sean-Nós ná gur féidir leat céimeannaí a mheascadh le chéile ionas go mbraithfeadh sé ar nós steip iomlán difriúil.

Cathain a thosnaigh tú ag glacadh páirte i gcomórtaisí rince?

Déarfainn nuair a bhí mé 8 nó 9 mbliana d'aois. Bhí mé ag damhsa ar feadh bliana ar a laghad sular chuir mé isteach ar chomórtais.

Cén comórtas rince is fearr leat?

An tOireachtas, cinnte.

An mbaineann tú taitneamh as na comórtaisí?

Bainim. Éirím an-neirbhíseach, go háirithe is mé ag éirí níos sine. Bhí mé 11 nuair a bhuaigh mé Craobh na hÉireann agus níor chuir sé isteach nó amach orm ach anois bím i bhfad níos measa.

An ndeineann tú mórán cleachta?

Leis an damhsa ar an Sean-Nós, ní bheadh clár ama rialta agat. Déanaim iarracht a bheith ag damhsa chomh minic agus is féidir liom. Nuair a bhím ag seisiún léimim amach agus déanaim cúpla steip agus téim ag rith agus ag snámh chun mé féin a choinneáil aclaí.

Comhghairdeachas leat as an gcomórtas rince ar an Sean-Nós a bhuachaint ag an Oireachtas i mbliana, ar cheap tú go raibh seans agat?

Bhí sé i gcónaí mar bhrionglóid agam ach níor cheap mé go mbuafainn é riamh. Níor cheap mé go raibh sé tuillte agam, i ndáiríre. Tá an méid sin daoine ann a bhuaigh é, muintir Uí Dhubháin, Róisín Ní Mhainnín agus daoine éagsúla, níor cheap mé go raibh mé chomh maith sin ach tá sé go hálainn, tá sé dochreidte.

Conas a bhraith tú nuair a ghlaodh amach d'ainm?

Ag an am, rith mé suas staighre, bhí an méid sin fuinnimh agam, níor chreid mé é.

Bhí tú breoite an lá roimh ré nach raibh?

Bhí agus fiú ar an Satharn, níor bhraith mé go maith ach bhí a fhios agam go raibh jab le déanamh agam agus chuir mé an tinneas ar leataoibh.

An raibh tú ag cleachtadh ar an lá?

Rinne mé cúpla síneadh le mo mháthair agus ansin léim mé ar an stáitse. Ní raibh mé ag damhsa go dtí 4.15 ach bhí sé go deas. Bhí spraoi agam thíos staighre ag bualadh le daoine is le mo chairde, scaití, ní fheiceann tú na daoine sin ach ag an Oireachtas.

An raibh tú neirbhíseach roimh ré?

Bhí sé aisteach, i mbliana, bhí mé sásta go raibh mé ann agus go raibh deis agam a bheith ag damhsa aríst.

Cad a chiallaíonn sé anois duitse ó thaobh comórtaisí de?

Ní féidir liom aon rud níos mó ná an tOireachtas a bhuachaint. Is é an tOireachtas an comórtas is mó ó thaobh an Sean-Nóis de, is mar sin, b'fhéidir go mbeidh mé ag plé le múinteoireacht nó moltóireacht nó b'fhéidir go mbeidh mé ag taisteal leis an damhsa, taispeántaisí agus rudaí mar sin mar shampla. Bíonn deiseannaí ann a bheith ag taisteal le grúpaí ceoil, rud éicint mar sin, lá éicint.

Cad é an chomhairle a bheadh agat d'aoinne a bheadh ag iarraidh a bheith ina rinceoir maith?

Lean leis, déan cleachtadh. Tá an ceol chomh tábhachtach leis an damhsa. Caithfidh tú éisteacht leis an gceol, mar sin, caithfidh tú a bheith ag damhsa leis an gceol, ag breathú ar dhamhsóirí éagsúla agus a bheith ag cleachtadh.

Cé hiad na rinceoirí ar an Sean-Nós is fearr leat?

Gearóid Ó Dubháin agus Róisín Ní Mhainnín.

Múineann tú ceol agus rince; cé acu is fearr leat ó thaobh múinteoireachta de?

Scaití, bíonn sé níos éasca an damhsa a mhúineadh ach is aoibhinn liom a bheith ag múineadh ceoil is damhsa. Braitheann sé ar an dalta, chomh maith agus an taitneamh a bhaineann siad as.

An bhfuil aon taisteal déanta agat mar cheoltóir nó rinceoir?

Tá, píosa beag, go háirithe timpeall na hÉireann. Bhí mé san Astráil dhá bhliain ó shin i gcomhair Lá Fhéile Pádraig agus bhí mé ag damhsa agus ag casadh ceoil in Melbourne. Ba bhreá liom i bhfad níos mó taistil a dhéanamh.

Bhí tú ag taisteal ar feadh bliana nach raibh?

Bhí mé ag taisteal ar feadh leathbhliana. Bhí mé san Áis, san Astráil is sa Nua-Shéalainn. Briseadh bliana a bhí ann idir an mheánscoil is an coláiste.

An raibh tairbhe ag baint leis an mbliain sin?

Bhí, go cinnte. Bhí mé an-óg nuair a chríochnaigh mé an Ardteist. Rinne mé na scrúduithe nuair a bhí mé 16, mar sin, bhí orm bliain a thógaint saor. Bhí sé dochreidte, taithí iontach a bhí ann. Bím ag fáilt "cuimhní" ar Facebook faoi láthair is bím ag breathnú orthu is mé ag déanamh staidéir.

An raibh tú in ann ceol nó rince a mhúineadh ann?

Bhí deis agam a bheith ag múineadh i scoil i bpobal bundúchasach in Beagle Bay. Bhí mé ansin ar feadh míosa beagnach mar ghnáthmhúinteoir ranga ach bhínn ag múineadh rangannaí ceoil agus damhsa agus in Melbourne, chomh maith.

B'fhéidir go mbeidh buaiteoir ag an Oireachtas ón gceantar sin lá éigint.

B'fhéidir, ba bhreá liom é sin a fheiceáil!



Cén áit is mó a thaitin leat?

Ní fhéadfainn áit amháin a phiocadh, bíonn rudaí éagsúla ag baint le chuile áit.

Cad é an rud is fearr faoi bheith i do rinceoir?

An spraoi. Buailim leis an méid sin cairde, bíonn deis agam a bheith ag rince i go leor áiteachaí éagsúla, coinníonn sé aclaí mé, chomh maith; an taitneamh a bhainim as.

Cad é an rud is fearr faoi bheith i do ceoltóir?

Déarfainn gurb é an rud céanna é; ach ní choinníonn sé aclaí mé!

Cad é an rud is deacra faoi bheith i do rinceoir?

Is foirfeoir ceart mé, muna n-éiríonn liom, éirím sách mífhoighneach. Ní féidir liom a bheith ag damhsa agus ag casadh ceoil an t-am go léir agus ba bhreá liom é sin ach caithfidh mé díriú ar an staidéar, chomh maith.

Cad é an rud is deacra faoi bheith i do cheoltóir?

Déarfainn an rud céanna.

An bhfuil aon phlean agat don todhchaí? Cad ba mhian leat a dhéanamh amach anso?

Bhí mé ag cuimhneamh ar mhúinteoireacht ar feadh tamaill ach ní dóigh liom go bhfuil mé ag iarraidh é sin a dhéanamh. B'fhéidir coinneáil leis an saol acadúil nó b'fhéidir obair a dhéanamh ar TG4, a bheith mar láithreoir ar chlár teilifíse nó rud éicint mar sin. Rinne mé cúpla seó ar nós *An Jig Gig* agus *An Real Deal* nuair a bhí mé níos óige ach ba bhreá liom a bheith mar láithreoir nó moltóir ar na seónnaí sin.

Cad faoin raidió? An mbeadh suim agat ann?

Bhíodh clár raidió ag mo mháthair ar raidió pobail, bhí sé leath i mBéarla agus leath i nGaeilge agus thosaigh mé á dhéanamh léi nuair a bhí mé thart ar 4 bliana d'aois. B'fhéidir go mbeadh suim agam sa raidió, ach b'fhearr liom an teilifís.

An bhfuil aon phlean agat don Nollaig?

Beidh mé ag dul go Baile Átha Cliath chun an Nollaig a chaitheamh le mo mhuintir ann. Is é an chéad uair le trí bliana go mbeidh mé in Éirinn i gcomhair na Nollag. Beidh sé go deas a bheith le mo mhuintir.

60 Soicind leis an Oifigeach Gaeilge

Ainm: Antóin Ó Dúllaing

Aois: 21

Cad as duit? Garrán na mBráthar i dtuaisceart chathair Chorcaí

Cén cúrsa atá ar siúl agat? MA sa Nua-Ghaeilge

Bliain sa choláiste: 4ú

An rud is fearr mar gheall ar COC: An réimse leathan ábhar/modúl/cúrsaí

An áit is fearr leat i gCOC: An *Aula Maxima*

Ainm do pheata? Buzz

An boladh is fearr: Peitreacór

An ghiuirléid is fearr: M'iFhón

Na laethanta saoire ab fhearr a bhí agat: Seal i Learpholl i mí Eanáir 2018

An caitheamh aimsire is fearr leat: An scríbhneoireacht

An bua is mó atá agat: Is buaiteoir Scoláireacht Feabhais de chuid COC mé.

An locht is mó atá ort: Mífhoighne

An chuid den lá is fearr leat: An oíche

An laoch is mó atá i do shaol: M'athairse

An duine cáiliúil is fearr leat: Christy Dignam

An chuimhne is fearr atá agat: Na samhraí breátha a chaitheas ar Chléire

An chomhairle is fearr leat: Is fearr cara sa chúirt ná punt sa sparán

An rud is mó a chránn tú: Nuair a chuirim rudaí ar an méar fhada.

An scannán is fearr leat: *Stand by Me*

An leabhar is fearr leat: *The Alchemist*

An dinnéar is fearr leat: Liamhás agus cabáiste

Na héadaí is fearr leat: Geansaithe olla

An focal Gaeilge is fearr leat? Spaisteoireacht

An Ghaeltacht is fearr: Cléire

Irial Ó Ceallaigh nó Micheál Ó Ciaraidh? Mícheál Ó Ciaraidh

R na G nó TG4? TG4

An t-amhrán de chuid Choláiste Lurgan is fearr leat?

Ná Bí Buartha Faoi nó *Clúdaithe le Faitíos*

www.tearma.ie nó www.teanglann.ie ? www.teanglann.ie

www.tuairisc.ie nó www.nos.ie ? www.tuairisc.ie

An iomáint nó an pheil ghaelach? An Iomáint

An tOireachtas nó Comórtas Peile na Gaeltachta? An tOireachtas

An rud is fearr mar gheall ar chultúr na hÉireann: Ár dteanga!

Cén fáth gur chuir tú isteach ar an bpost mar Oifigeach Gaeilge? Chun an Ghaoluinn a spreagadh timpeall an Choláiste.

Cad a déarfá le saol na Gaeilge sa Choláiste? Tá sé ag dul ó neart go neart.

Cad a dhéanfaidh tú chun saol na Gaeilge sa Choláiste a fheabhsú?

Cuirfidh mé raidhse imeachtaí ar siúl.

Comórtas

Cé a bhuaigh an comórtas rince ar an Sean-Nós ag Oireachtas na Samhna i mbliana?

€25 an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie

Aifreann na Nollag

as Gaolainn

Séipéal Naomh Peadar is Pól

10.00

Lá Nollag

Nollaig Shona Dhaoibh!

Dáimhscoil Mhúscraí

28 Nollaig 2018

www.daimhscoil.ie

Blúiríní

Gradam na Gaeilge

Duais €1,000

Ar oscailt do mhic léinn cláraithe uile na hOllscoile Do mhic léinn a dheineann a seacht ndícheall chun an Ghaeilge a chur chun cinn timpeall na hOllscoile.

Eolas ar fáil:
Oifig na Gaeilge Labhartha, Seomra G02, Áras Uí Rathaille, COC

Dáta deireanach le cur isteach ar an nGradam
Dé hAoine 15 Márta 2019

Teil: 021 – 4902314 Post L: g.labh@ucc.ie

Urraithe ag an Dr Diarmuid Ó Mathúna, Stiúrthóir Chomhairleoirí Maoine 'City Life'

Cúrsa Gramadaí

de chuid

Ionad na Gaeilge Labhartha

Breis eolais: s.olaoi@ucc.ie

An tAlt An Aimsir Chaite
An Briathar Saor
An Tuiseal Ginideach
Séimhiú An Chéad Díochlaonadh
Comhréir na Copaile
An Aidiacht Insene